

Eolas do thuismitheoirí Ag cabhrú le do leanbh óg léamh agus scríobh

Ó tháinig do leanbh ar an saol tá tú ag teagasc dó nó di an bealach le cumarsáid a dhéanamh. Trí labhairt agus éisteacht le do leanbh, trína n-aird a dhíriú ar fhocail agus ar fhógraí sa bhaile nó nuair a bhíonn sibh amuigh ag siúl, tá tú i ndiaidh do leanbh a thabhairt isteach i saol na teanga – idir theanga labhartha agus theanga scríofa. Trí shúgradh le do leanbh, foghlaimíonn sé nó sí focail nua agus foghlaimíonn siad conas smaoineamh agus labhairt ar a smaointe agus ar a mothúcháin. Mar shampla, trí chur i gcéill gur altra nó siopadóir atá ann nó inti, trí scriobláil ar pháipéar athchúrsáilte, nó trí bhreathnú ar phictiúrleabhair agus labhairt fúthu, tugtar cabhair do do leanbh labhairt, éisteacht agus scríobh. Fiú nuair a thosaíonn do leanbh ar an scoil, tá ról ríthábhachtach i gcónaí agat cabhrú leis nó léi.

Seo roinnt leideanna ar conas is féidir leat sin a dhéanamh.

- Éist le do leanbh. Claon do cheann nó déan miongháire lena léiriú go bhfuil suim agat. Déan iarracht gan cur isteach agus do leanbh ag caint.
- Spreag do leanbh le labhairt agus insint duit faoi rudaí mar seo: *cairde, bréagáin agus caithimh aimsire nó na rudaí atá ar bun aige ar scoil.*
- Bain sult as éisteacht agus labhairt le do leanbh. Triail: *éisteacht le hamhráin agus amhráin a cheol nó rainn do pháistí a léamh agus a aithris.*
- Cluichí a imirt: *Feicim le mo shúil bheag rud éigin a thosaíonn leis an bhfuaim 'ch' / a dhéanann rím le 'mór'.*
- Déan leabhar le do leanbh ag baint úsáide as focail agus pictiúir: *Mo Theaghlach nó Na rudaí is fearr liom.* Úsáid grianghraif, seanchártaí lá breithe nó gearrthóga ó irisí.
- Bainigí sult as leabhair le chéile. Díriú aird ar: *greim a choinneáil ar an leabhar agus an taobh ceart ar barr, na leathanaigh a iompú, do mhéar a bhogadh ó chlé go deas, ag déanamh nasc idir pictiúir agus focail.* Cuir ceisteanna: *Cad é ...? Cá huair ...?*
- Leag amach téamaí cuir i gcéill sa bhaile: *oifig (seanghuthán, páipéar agus uirlis scríofa) nó siopa (míreanna bia, éadaí bréag-ghléasta, bróga, scipéad bréige airgid, peann luaidhe, páipéar).*
- Bain sult as gliúáil agus greamú le do leanbh.
- Cuidigh le do leanbh: *marcanna a dhéanamh, patrúin a rianú agus a chóipeáil, dathú nó a scríbhneoireacht féin a thriail.* Úsáid *pinn luaidhe, criáin, cailc nó marcóirí.* Bain triail as litreacha a tharraingt le taos súgartha nó i ngaineamh. Déan liosta 'le déanamh', cártaí buíochais nó comhartha dá s(h)eomra leapa.
- Díriú aird do linbh ar phictiúir, comharthaí, litreacha agus focail agus sibh amuigh ag siúl: *'Cosc ar mhadraí' (sa pháirc) nó, 'Bailiú bagáiste' (san aerphort).*
- Tabhair cuairt ar an leabharlann. *Roghnaígh leabhair, breathnaígh agus labhraígh orthu le chéile.*
- Feiceadh do leanbh tú ag léamh irisí nó leabhar nó ríomhphost nó liosta siopadóireachta.